



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Bille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara - Ceisteanna Coitianta

An Bille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara

Ceisteanna Coitianta

Cén toradh a bheidh ar an mBille?

- Ainmneofar an Limistéar Muirí ina mbeidh an córas i bhfeidhm
- Cruthófar córas nua toilithe aonair Stáit don Limistéar Muirí ar fad
- Forálfar do thoilíú forbartha aonair do gach tionscadal, lena n-áirítear measúnacht tionchair timpeallachta (MTT) aonair
- Déanfar forbairt a bhainistiú sa Limistéar Eisiach Eacnamaíochta (LEE) agus ar an Scairbh Ilchríochach
- Coinneofar forálacha reatha imeall trá agus ceada pleanála maidir le forbairt a bhaineann le dobharshaothrú agus iascaigh mhara

Leagtar amach sa Bhille mórpharaiméadair an chóras toilithe nua. Cuirfear leis na paraiméadair seo tar éis achtú an Bhille, trí mheán rialachán a leagann amach na ceanglais níos imeachta ar dhóigh níos mionsonraithe.

Céard iad na hathruithe a dhéanfar leis an mBille um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara?

- Bunófar bunús dlí chun gur féidir leis an mBord Pleanála agus Údarás Áitiúla Cois Cósta toiliú le forbairt sa limistéar muirí
- Forálfar leis go ndéanfar Measúnacht Tionchair Timpeallachta / Measúnacht Chúí do thionscadail amach ón gcósta a thagann faoin gcóras pleanála, ag déanamh idirdhealú soiléir idir ról toilithe an Stáit agus ról toilithe forbartha
- Cruthófar córas nua toilithe Stáit, a chuirfear in ionad toiliú Imeall Trá/Scairbhe Ilchríochaí
- Cruthófar cumhachtaí a ligeann d'Údarás Áitiúla Cois Cósta mionfhorbairtí agus gníomhaíochtaí a rialáil
- Forálfar d'oibreacha éigeandála

Céard iad na hathruithe ar an Acht um Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú), 2013

- Athráiteas ar fhorálacha an Chreata Náisiúnta Pleanála Mara (Pleanáil Spásúil Mhara / PSM)
- Forálacha curtha leis do Ráiteas Beartais maidir le Pleanáil Mhara
- Cur chuige an phríomhthoilithe aonair Stáit ag cur le cur chuige an toilithe forbartha aonair
- Córas níos cuimsithí maidir le LEE agus an scairbh ilchríochach
- Forálacha forfheidhmithe níos fearr

Conas is féidir liom aighneacht a dhéanamh maidir le forbairt ar leith faoin gcóras nua?

Is féidir le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal aighneachtaí a dhéanamh maidir le forbairt ar bith atá beartaithe sa Limistéar Muirí le linn chéim toilithe forbartha an phróisis

toilithe. Is féidir aighneachtaí a dhéanamh le linn na ngnáth-nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí a bhaineann le cead pleanála. Má mheastar é a bheith iomchuí, is féidir leis an mBord Pleanála éisteachtaí ó bhéal a réachtáil maidir le hiarratais ar leith.

Céard atá i gceist leis an Limistéar Muirí?

Is éard atá sa Limistéar Muirí ná na codanna den fharraige a bhfuil cearta áirithe ag Éirinn ina dtaobh, faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS). [Féach suíomh UNCLOS anseo.](#)

Cuimsítear sa Limistéar Muirí:

- Limistéir farraige agus thaoide uiscí intíre an Stáit;
- Farraige teorann an Stáit;
- Limistéar Eisiach Eacnamaíochta an Stáit; agus
- Scairbh Ilchríochach an Stáit.

Sínfidh sé ón líne bharr láin go teorainn fhorimeallach scairbh ilchríochach na hÉireann. [Léarscáil Tháscach]. Déanfar é a ainmniú chun na críocha seo a leanas

- Réamhphleanáil (PSM)
- Bainistíocht forbartha (cead pleanála)
- Toiliú Stáit (Toiliú Limistéir Mhuirí)
- Forfheidhmiú

Céard atá i gceist leis an Limistéar Cois Cósta?

Limistéar nua a bheidh sa limistéar cois cósta a ainmneofar do gach údarás áitiúil cois cósta. Sna limistéir seo, déanfaidh na húdaráis feidhmeanna áirithe ceada pleanála agus forfheidhmithe a chur chun feidhme. Cuirfear tosca éagsúla san áireamh agus teorainneacha an limistéir cois cósta á socrú, lena n-áirítear leagan amach tíreolaíoch an imeallbhoird, gnéithe praiticiúla a bhaineann le teorainneacha an údaráis áitiúil cois cósta agus ceisteanna praiticiúla maidir le feidhmiú fheidhmeanna an údaráis áitiúil cois cósta. Limistéar cósta a bheidh ann a shínfidh roinnt ciliméadar amach ó líne an chladaigh.

Céard é an difear idir toiliú Stáit agus toiliú forbartha?

Faoin Toiliú Limistéir Mhuirí nua, déanfaidh toiliú Stáit áitiú an Limistéir Mhuirí a rialáil, i gcomhréir leis na cearta a thugtar don Stát faoi UNCLOS i dtaobh an chreasa mara áirithe. Rialóidh an toiliú seo ábhair ar nós téarmaí airgeadais agus ceisteanna conartha a bhaineann leis an áitíocht i.e. oibleagáidí agus cearta faoin toiliú.

Le toiliú forbartha déanfar ábhair a rialáil a bhaineann leis an bhforbairt féin i.e. ceisteanna comhshaoil, comhlíonadh pleanála cuí agus comhlíonadh na gcoinníollacha forbairt-sonracha a bhainfidh leis an togra.

Ní bheidh forbróirí in ann aon athrú ábhartha a dhéanamh ar thogra trí mhéan an Toilithe Limistéir Mhuirí. Beidh gá le haon athrú ábhartha a mheas laistigh den chóras toilithe forbartha. Ní bheidh aon ról ag Airí Iomchuí sa nós imeachta toilithe forbartha, seachas chun

leas pleanála a bhreithniú agus a cheadú, rud a ligeann do mholtóirí tionscadail iarratas a dhéanamh ar thoiliú forbartha.

Céard is leas pleanála ann?

Nós imeachta atá i leas pleanála, trína dhéanann an tAire Iomchuí measúnú ar oiriúnacht agus cumas forbróra togra ar leith a ghabháil de láimh. Breathnóidh an tAire Iomchuí ar nithe ar nós acmhainn airgeadais agus theicniúil an fhorbróra bheartaithe chun an tionscadal a chur i gcrích. Feidhmeoidh sé mar thairseach don phróiseas toilithe forbartha ach ní haon chineál ceada pleanála nó toilithe forbartha atá ann. An t-aon cheart a thugtar do mholtóir tionscadail faoi leas pleanála ná an cumas chun iarratas ar thoiliú forbartha a dhéanamh agus a chur i gcrích laistigh de thréimhse shonraithe.

Céard iad Airí Iomchuí agus céard a dhéanfaidh siad?

Beidh Airí Iomchuí freagrach as iarratais ar leas pleanála agus ar Thoiliú Limistéir Mhuirí a bhreithniú, agus as na hiarratais sin a fhaomhadh nó diúltú dóibh.

Is é an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a cheadóidh Toilithe Limistéir Mhuirí do chineálacha forbartha a thagann faoina shainchúram beartais e.g. Fuinneamh In-athnuaite amach ón gCósta.

Is é an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a cheadóidh Toilithe Limistéir Mhuirí do gach cineál eile forbartha.

Cén cineál forbartha a mbeidh an Bord Pleanála freagrach aisti?

- Bonneagar Straitéiseach
- Forbairt a dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta uaithe
- Forbairt ar scála níos lú, lonnaithe go hiomlán lasmuigh den limistéar cois cósta
- Forbairt Údaráis Áitiúil a dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus/nó Measúnacht Chúí uaithe

Cén cineál forbartha a mbeidh Údaráis Áitiúla freagrach aisti?

- Forbairt ar scála níos lú, laistigh den limistéar cois cósta
- Forbairt nach dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta uaithe
- Forbairt a d'fhéadfadh Measúnacht Chúí a bheith ag teastáil uaithe
- Forbairt de chuid an Údaráis Áitiúil, nach dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chúí uaithe

Céard a tharlóidh do mo léas/ceadúnas imeall trá faoin gcóras nua?

I dtosach, ní tharlóidh aon rud. Na toilithe sin a cheadaítear faoi chórais reatha, déanfar iad a bhainistiú de réir na reachtaíochta reatha go dtí go dtéann siad in éag, go gcuirtear deireadh leo, go ndéantar iad a shannadh nó go dtí go moltar aon athrú ábhartha – ag an bpointe sin, bheadh gá le hiarratas a dhéanamh faoin gcóras nua.

An ndéanfar an tAcht Imeall Trágha a aisghairm?

Ní dhéanfar. Cé go mbeidh an córas nua scartha ón Acht Imeall Trágha, leanfaidh toilithe reatha de bheith faoi rialú an Achta sin. Tá an tAcht á choinneáil chun gur féidir leanúint d'fheidhm imeall trá an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara:

Is éard atá i gceist leis sin ná forbairt agus gníomhaíochtaí:

- a. A bhaineann le lárionad cuain iascaigh
- b. I ndáil le feidhm a bhaineann le —
 - i. gníomhaíocht atá dírithe go hiomlán nó go príomha ar dhobharshaothrú a úsáid, a forbairt nó ar thacú leis, nó
 - ii. gníomhaíocht atá dírithe go hiomlán nó go príomha ar iascaireacht mhara a úsáid, a forbairt nó ar thacú léi. Cuimsíonn iascaireacht mhara próiseáil agus díol iasc mara agus monarú táirgí a fhaightear ó éisc mhara

[Tuilleadh eolais faoin gcóras sin ar fáil anseo.](#)

An Rannóg Imeall Trá

24 Iúil 2019

